| | |
|---|---|
| **Teideal na Cáipéise:** | Téarmaí agus Coinníollacha a bhaineann le Bheith i do Mhac Léinn Cláraithe in MIE |
| **Cur Síos:** | Leis an gcáipéis seo leagtar amach na téarmaí agus coinníollacha nach mór do mhic léinn cloí leo d'fhonn staidéar a thosú/a choinneáil ag dul in Institiúid Oideachais Marino. |
| **Údar (Post):** | An Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán Gnóthaí Acadúla |
| **Leagan:** | 1 |
| **Arna Fhaomhadh ag:** | An Comhlacht Rialaithe |
| **Dáta Faofa an Bheartais:** | Meán Fómhair 2020 |
| **Dáta an Chéad Athbhreithnithe Eile ar Bheartas:** | Meán Fómhair 2023 |

**Téarmaí agus Coinníollacha a bhaineann le Bheith i do Mhac Léinn Cláraithe in MIE**

## 1. Comhthéacs

D'fhonn an próiseas clárúcháin a chur i gcrích, éilítear ar gach mac léinn chun aontú leis na téarmaí agus coinníollacha de réir mar atá leagtha amach ag Institiúid Oideachais Marino (MIE), gach bliain. Trí sin a dhéanamh, mar mhac léinn cláraithe, ní mór duit téarmaí agus coinníollacha MIE a ghlacadh de réir mar atá leagtha amach sa cháipéis seo d'fhonn tosú ar staidéar nó chun leanúint leis in MIE.

## 2. Cuspóir

Leis an gcáipéis seo leagtar amach téarmaí agus coinníollacha MIE do mhic léinn a chláraíonn ar cheann amháin de chláir fochéime nó iarchéime MIE a leanas:

i. Bonnchlár Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide
ii. Baitsiléir san Oideachas (Bunmhúinteoireacht)
iii. Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge (Bunmhúinteoireacht)
iv. Baitsiléir san Eolaíocht (Léann Oideachais; Oideachas Luath-Óige)
v. Máistir Gairmiúil le hOideachas (Bunmhúinteoireacht)
vi. Dioplóma Gairmiúil Oideachais (Breisoideachas)
vii. Máistreacht sa Léann Oideachais (Oideachas Luath-Óige; Ceannaireacht in Oideachas Críostaí)

## 3. Téarmaí agus Coinníollacha - Faisnéis um Bailiú Sonraí

3.1. Bailítear an fhaisnéis a bhailítear ar chlárúchán d'fhonn oideachas a sholáthar, le haghaidh seirbhísí tacaíochta do mhic léinn agus chun críocha riaracháin agus coinneála taifead gaolmhara[1]. Beidh sonraí uile a bhailítear agus a phróiseáiltear i gcomhréir leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), 2018.

3.2. Soláthrófar sonraí roghnaithe do chomhlachtaí ábhartha nuair a bhíonn oibleagáid reachtúil ar an Institiúid sin a dhéanamh, amhail don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Soláthrófar faisnéis nach bhfuil inaitheanta go pearsanta chun críocha staitistiúla don rialtas, do bhaill an phobail faoi Shaoráil Faisnéise, nó do chomhlachtaí eile. Más iomchuí, soláthrófar faisnéis inaitheanta do chomhlachtaí bronnta deontais nó urraíochta, amhail Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) maidir le tinreamh nó feidhmíocht acadúil nuair is ábhartha sin.

[1]Féach an Beartas Bainistíochta Taifead agusSceideal Coinneála Taifead MIE

3.3. D'fhéadfaí faisnéis phearsanta a bhailítear ó mhic léinn idirnáisiúnta lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a chomhroinnt leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais mar a éillítear faoi alt 8 den Acht Inimirce, 2003 d'fhonn iarratais ar víosaí a bhailíochtú agus a chur chun cinn.

3.4. Coinneofar gach faisnéis ábhartha le haghaidh tréimhse shainithe[1].

3.5. Trí leanúint le mo chlárúchán, tuigim go ndéanfar mo chuid sonraí a chomhroinnt leis an Údarás um Ardoideachas (HEA) chun críocha maoiniú a leithdháileadh, anailís staitistiúil a dhéanamh agus beartais a fhoirmliú. Áirítear leis na sonraí a chomhroinnfear sonraí pearsanta amhail ainm, seoladh, Eircode, uimhir phearsanta seirbhíse poiblí (UPSP), stádas deontais, agus sonraí na Lár-Oifige Iontrála (CAO). Tá sonraí iomlána ar na sonraí a chomhroinntear agus conas a úsáidtear na sonraí sin le fáil ag an nasc seo: www.mie.ie/hea_data_collection.

3.6. Tuigim go bhfuil mo chlárúchán ar mo chúrsa MIE ag brath ar ghrinnfhiosrúchán rathúil an Gharda Síochána[2]. Tugaim údarás don Institiúid cóip rúnda de mo thorthaí ar ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a eisiúint do scoileanna/institiúidí eile ina ndéanaim socrúchán scoile/socrúchán oibre/socrúchán oideachais speisialta dá ndéanfadh an scoil iarratas air sin.

3.7. Aithním go ndéanfaidh an Institiúid mo chuid sonraí pearsanta a sholáthar do sholáthraithe seirbhíse seachtracha arna bhfostú ag an Institiúid d'fhonn soláthar na seirbhíse tacaíochta ábhartha do mhic léinn a éascú (m.sh. seirbhís chomhairleoireachta, Seirbhís Mhíchumais agus Seirbhís Mhíochaine).

3.8. Aithním go ndéanfaidh údaráis na hInstitiúide na sonraí a sholáthar don Chomhairle Mhúinteoireachta agus don Roinn Oideachais agus Scileanna atá riachtanach chun tús a chur le mo chlárúchán agus maidir le mo cháilitheacht le haghaidh ionduchtúcháin mar mhúinteoir.

3.9. Aithním go ndéantar sonraí na dtorthaí céime arna n-oiriúnú le sonraí an mhic léinn (agus ainm an mhic léinn, uimhir an mhic léinn, sonraí teagmhála agus dáta breithe san áireamh) a chomhroinnt leis an gClárlann Acadúil i gColáiste na Tríonóide, Ollscoil Bhaile Átha Cliath, chun críocha uimhreacha mac léinn a eisiúint agus dámhachtainí acadúla a bhronnadh.

3.10. Tugtar aitheantas go poiblí d'ainmneacha cláraithe na mac léinn agus do chineál agus do ghrád (nuair is iomchuí) na dámhachtana ag bronnadh na gcéimeanna nó ag searmanais dámhachtainí eile.

3.11. Ní dhéanfar sonraí pearsanta a phróiseáil, seachas ar shlí atá riachtanach nó ceadaithe de réir an dlí. Tá an ceart acu siúd a sholáthraíonn sonraí pearsanta a leithéid de shonraí a rochtain agus a cheartú, laistigh de pharaiméadair atá leagtha síos sa dlí. Déanfaidh an Institiúid sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, 2018.

---

[2] FéachAn Nós Imeachta um Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána do Mhic Léinn

3.12. Tá a fhios agam go ndearnadh an Ráiteas Príobháideachais maidir le Foghlaim Chumaisc a leasú chun ranganna áirithe a thaifeadadh agus a shruthú go beo. Léigh mé an cháipéis seo agus glacaim lena bhfuil inti.

3.13. Le linn mo chuid staidéar, tuigim go dtabharfar cuireadh dom páirt a ghlacadh i StudentSurvey.ie. Seolfar cuid den fhaisnéis de mo chuid chuig an HEA chun a chinntiú nach ndéantar an suirbhé a thairiscint ach do ghrúpaí beartaithe mac léinn. Féadtar faisnéis dhéimeagrafach theoranta a oiriúnú le mo chuid freagairtí sa suirbhé d'fhonn ligean d'anailís anaithnid ar thorthaí, mar shampla, faoi inscne nó faoi stádas lánaimseartha/páirtaimseartha. Caithfear le mo chuid freagairtí go rúnda agus ní bheidh aon mhac léinn aonair inaitheanta in aon tuarascálacha nó i dtorthaí arna nginiúint mar thoradh ar an suirbhé sin.

3.14. Dearbhaím go ndearna mé cóip de Bheartas Muirear na hInstitiúide a rochtain ar líne agus déanaim iarratas ar chlárúchán leis seo de réir na bhforálacha atá ann.

3.15. Deimhním gur íoc mé na táillí agus muirir uile atá dlite don Institiúid nó íocfaidh mé iad nó íocfar ar mo shon iad de réir mar atá treoraithe ag an Oifig Airgeadais, i gcomhréir le Beartas Muirear na hInstitiúide. Aithním go gcuirfear pionóis agus smachtbhannaí i bhfeidhm de réir an Bheartais sa chás go dteipeann orm cloí leis an ngealltanas sin.

3.16. Trí aontú leis na pointí uile thuas is mian liom mo chlárúchán a dhearbhú mar mhac léinn in MIE tríd an dearbhú thíos a shíniú (féach Iarscríbhinn 1 agus Iarscríbhinn 2).

## 4. Freagracht

Tá an Cláraitheoir & Leas-Uachtarán Gnóthaí Acadúla freagrach as an gcáipéis seo a choimeád. Déanfar an cháipéis seo a athbhreithniú agus a nuashonrú mar is gá ar bhonn rialta.

## 5. Cáipéisí Gaolmhara

5.1. An Beartas um Bainistíocht Taifead

5.2. Sceideal Coinneála Taifead MIE

5.3. An Nós Imeachta um Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána do Mhic Léinn

5.4. An Beartas um Tháillí na hInstitiúide

5.5. Beartas PríobháideachaisMIE

5.6. Beartas Príobháideachais maidir le Foghlaim Chumaisc

**Iarscríbhinn 1 - Dearbhú**

Dearbhaím, a bhfuil m'ainm sínithe thíos, leis seo go bhfuil an fhaisnéis atá curtha ar fáil i gcodanna 3.1-3.15 thuas léite, tuigthe agus glactha agam.

**PRIONTÁIL AN tAINM :** ___________________________________________________________

**SÍNIÚ:**___________________________________________________________________________

**AINM AN CHLÁIR:**___________________________________________________________________

**BLIAIN AN STAIDÉIR (dá bhfuil tú ag clárú - Bliain 1, 2, 3 nó 4):**______________________________

**DÁTA:**___________________________________________________________________________

**Iarscríbhinn 2 - Toiliú Sainiúil agus Toiliú RGCS i gComhthéacs na Rannpháirtíochta i Léachtaí, Seimineáir, Ranganna Teagaisc agus in Imeachtaí Eile MIE.**

**Ticeáil na boscaí thíos de réir mar is iomchuí. Is faoi do rogha féin na boscaí thíos a thiceáil agus ní rachaidh teip ar thoiliú a sholáthar i bhfeidhm ar do stádas clárúcháin.**

1. Tugaim mo chead don Institiúid mo chuid sonraí clárúcháin a nochtadh do mo thuismitheoirí nó do mo chaomhnóirí chun críocha sochar a éileamh maidir lena bpáistí. ☐
2. Tugaim mo chead leis seo don Institiúid faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 chun teagmháil a dhéanamh le comhlachtaí bronnta deontais nó urraíochta chun stádas m'iarratais ar dheontas a chinntiú nó a dheimhniú. ☐
3. Tugaim mo chead gur féidir mo chuid sonraí teagmhála a úsáid chun críocha alumni i gcomhréir le Beartas Príobháideachais MIE. ☐
4. I gcomhthéacs mo chláir oideachasúil ag MIE, tá a fhios agam go bhféadfadh léachtaí, seimineáir, ranganna teagaisc agus imeachtaí eile a bheith ar siúl go cianda (agus úsáid á baint as seimineár gréasáin nó formáid chosúil) nó go fisiciúil, agus go bhféadfaí a leithéid de léachtaí, seimineáir, ranganna teagaisc agus imeachtaí MIE a thaifeadadh agus go bhféadfaí a leithéid de thaifeadtaí a choinneáil chun críocha úsáidí oideachasúla amach anseo. Tugaim mo chead gur féidir sonraí pearsanta a bhaineann liom a úsáid ar an mbealach sin nuair a fhaightear iad i gcomhthéacs mo rannpháirtíochta ó bhéal nó ó amharc ina leithéid d'imeachtaí. ☐

**PRIONTÁIL AN tAINM :**________________________________________

**SÍNIÚ:**________________________________________________

**AINM AN CHLÁIR:**

____________________________________________________

**BLIAIN AN STAIDÉIR (dá bhfuil tú ag clárú - Bliain 1, 2, 3 nó 4):**

____________________________________________________

**DÁTA:**_